

Comhairle
nuashonraithe ó 2023

Cabhraigh leat tú féin a chosaint

**An treoir riachtanach maidir le vacsaíniú HPV
(papalómaivíreas daonna) do gach duine
óg idir 12 agus 13 bliana d'aois**



Public Health
Agency

An treoir riachtanach maidir le vacsaíniú HPV (papalómaivíreas daonna) do gach duine óg idir 12 agus 13 bliana d'aois

Baineann an bhileog seo leis an vacsaíniú (instealladh) ar féidir leat a fháil chun tú féin a chosaint ar ailsí a bhaineann le HPV.

Ó 2008 i leith, tá an vacsaín HPV á tairiscint do gach cailín idir 12-13 bliana d'aois i mblianta scoile 9 agus 10. Ó mhí Mheán Fómhair 2019, tá an vacsaín á tairiscint do bhuachaillí ar an mbealach céanna. Tá sé seo amhlaidh toisc go bhfuil an fhianaise soiléir go gcabhraíonn an vacsaín HPV le gach duine óg a chosaint ar ailsí a bhaineann le HPV.

Cuidíonn an vacsaín HPV leat tú a chosaint ar ailsí ar féidir a bheith mar thoradh ar HPV, mar shampla:

- suas le 90% d'ailsí ceirbheacs (i measc na mban);
- roinnt ailsí béil agus scornaí;
- roinnt ailsí an anais agus na mball giniúna.

Cosnóidh an vacsaín thú freisin i gcoinne an dá chineál HPV is cúis le formhór na gcásanna d'fhaitní giniúna. Ní chosnóidh sí thú i gcoinne aon ionfhabhtú gnéas-tarchurtha eile agus ní chuirfidh sí cosc ar thoircheas.

HPV agus cad é mar a scaiptear é

Tá ionfhabhtú papalómaivíris daonna (HPV) an-choitianta agus oiread agus leath an daonra ionfhabhtaithe le HPV tráth dá saol. Is féidir leat é a tholg trí theagmháil ghnéasach phearsanta le duine eile ar a bhfuil an víreas cheana féin.

Tá breis agus 100 cineál HPV ann ach níl ach 13 acu ar eol dúinn mar chúis ailse. De ghnáth ní bhíonn aon siomptóm ann, mar sin ní thuigfidh roinnt mhaith daoine go bhfuil siad ionfhabhtaithe. An chuid is mó den am, ní bhíonn an víreas ina chúis le hailse toisc go maraíonn córas imdhíonachta an choirp é, ach ní í gcónaí - leanann roinnt ionfhabhtuithe agus bíonn ailse nó faithní giniúna mar thoradh orthu - sin an fáth go bhfuil an vacsaín chomh tábhachtach sin.

An vacsaín HPV

Úsáidtear an vacsaín HPV i 121 thír agus tá an vacsaín faighte ag breis agus 80 milliún duine ar fud an domhain.

Tá tionchar mór ag an vacsaín cheana féin ar ionfhabhtuithe HPV sa Ríocht Aontaithe, san Astráil agus sa Danmhairg. Táthar ag súil go sábhálfaidh an vacsaín na céadta beatha daoine gach bliain.

Is fearr an vacsaín a bheith agat sula mbeidh tú gníomhach go gnéasach. Más rud é go bhfuil tú gníomhach go gnéasach, áfach, tá sé fós tábhachtach an vacsaín a fháil. Moltar go mbeadh an vacsaín agat idir 12 agus 13 bliana d'aois chun tú a chosaint chomh luath agus is féidir.



An vacsaíniú a fháil

Sna blianta roimhe seo, bhí dhá instealladh den vacsaín ag teastáil ó dhaoine óga. Mar sin féin, tá athbhreithniú déanta ag an gComhchoiste um Vacsaíniú agus Imdhíonadh (JCVI) ar an bhfianaise eolaíoch faoi dháileoga an vacsaín HPV. Tá fianaise láidir ann anois go dtugann dáileog amháin den vacsaín an chosaint chéanna le dhá dháileog. Ón 1 Meán Fómhair 2023, tairgfear dáileog amháin den vacsaín HPV do gach duine óg incháilithe i dTuaisceart Éireann. Meastar anois go bhfuil daoine óga a bhfuil dáileog amháin faighte acu vacsaínithe go hiomlán agus nach dteastaíonn an dara dáileog den vacsaín HPV uathu.

Déanfaidh foireann altranais na scoile ón lontaobhas Cúraim Sláinte agus Sóisialta (HSCT) áitiúil socrú duit an vacsaín a fháil i mBliain 9 ar scoil. Má chailleann tú an vacsaín i mBliain 9, cuirfidh foireann altranais na scoile ar fáil arís í le linn a gcéad chuairt eile ar an scoil. Tabharfaidh an t-altra an vacsaín duit i do lámh uachtair.

Má tá plúchadh, eachma, fiabhras féir nó ailléirgí eile ort, is féidir leat an vacsaín a bheith agat fós. Má tá aon imní ort faoi seo, labhair leis an altra sula bhfaigheann tú an vacsaín.



Fo-iarmhairtí

Tá fo-iarmhairtí an vacsaínithe éadrom go leor - de ghnáth ní bhíonn ach pian, at agus deargadh sa lámh, a théann i léig go luath. Is féidir tinneas cinn, masmas, meadhrán agus/nó fiabhras éadrom a bheith i gceist le fo-iarmhairtí eile nach bhfuil chomh coitianta sin.

Is annamh a bhíonn frithghníomh ag roinnt daoine go luath tar éis an insteallta, mar ghríos. Beidh a fhios ag an altra conas déileáil leis seo. Ní cúis é le vacsaíní a sheachaint.

Is annamh a bhíonn frithghníomhaithe ailléirgeacha tromchúiseacha ann agus cuirtear altraí faoi oiliúint chun déileáil leo. Tagann daoine iomlán slán le cóireáil, de ghnáth laistigh de chúpla uair an chloig.

Comhlíonann an vacsaín na dianchaighdeáin sábháilteachta a theastaíonn chun í a úsáid sa Ríocht Aontaithe agus i dtíortha eile san Eoraip. Tá na milliúin dáileog den vacsaín tugtha cheana féin sa Ríocht Aontaithe agus ar fud an domhain.

Mar aon le gach vacsaín, déantar dlúthfhaireachán agus athbhreithniú ar thuairiscí faoi fho-iarsmaí.

Má bhíonn aon fho-iarmhairtí amhrasta agat don vacsaín, is féidir leat iad seo a thuairisciú ar shuíomh gréasáin an Chárta Bhuí nó trí ghlaoch ar **0800 731 6789** (9.00am go 5.00pm Luan go hAoine) nó trí aip an Chárta Bhuí a íoslódáil.

www.mhra.gov.uk/yellowcard




Mná agus scagthástáil ailse ceirbheacs

An vacsaín tá sí mar chosaint i gcoinne naoi gcineál HPV, lena n-áirítear cineálacha 16 agus 18, is cúis le formhór na gcásanna d'ailse ceirbheacs (suas le 90 %).

Tarlaíonn ailse cheirbheacsach sa cheirbheacs (an bealach isteach chuig an mbroinn - féach an léaráid thíos). Is féidir le hailse ceirbheacs a bheith an-tromchúiseach agus faigheann thart ar 20 bean bás mar gheall uirthi i dTuaisceart Éireann gach bliain.

Ní chosnaíonn an vacsaín tú i gcoinne gach cineál eile HPV, mar sin beidh ar chailíní scagthástáil ceirbheacs (tástálacha smearaidh) a bheith acu nuair a thugtar cuireadh dóibh (ag aois 25).



Ailsi eile

Níl aon chlár scagthástála ann faoi láthair d'ailsi eile a bhaineann le HPV. Má tá imní ort faoi aon siomptóm déan teagmháil le do dhochtúir teaghlaigh.

Ar chaill tú do choinne?

Ná bíodh imní ort, feicfear arís thú ar scoil nó déanfaidh foireann altranais na scoile HSCT teagmháil le do thuismitheoirí chun coinne eile a shocrú.

Toiliú a thabhairt

Beidh foirm thoilithe tugtha duit gur chóir do dhuine de do thuismitheoirí síniú ag tabhairt cead duit an vacsaín a fháil. Tá sé tábhachtach go seolann tú an fhoirm shínithe ar ais chuig foireann altranais do scoile sula mbeidh do vacsaíniú á tabhairt.

Mura bhfuil do thuismitheoirí cinnte gur chóir go mbeadh an vacsaín agat, ba chóir duit an fhoirm a sheoladh ar ais agus labhairt le foireann altranais do scoile nó le do dhochtúir teaghlaigh. Leis an vacsaíniú a fháil anois laghdófar an baol go bhfaighidh tú ailse a bhaineann le HPV ar feadh na mblianta.

Tuilleadh eolais

Beidh leabhrán ceisteanna agus freagraí faighte ag do thuismitheoirí a thugann eolas níos mionsonraithe maidir le toiliú a thabhairt agus na topaicí eile atá clúdaithe sa bhileog seo. Is féidir an t-eolas seo a íoslódáil ó [pha.site/hpv](https://www.pha.ie/hpv)

Chun an bhileog nó an C & F a fháil i dteanga eile téigh chuig [pha.site/hpv](https://www.pha.ie/hpv) nó iarr ar d'altra scoile cóip a phriontáil duit.





Chun tuilleadh eolais a fháil, féach pha.site/hpv



Public Health
Agency

Public Health Agency
12-22 Linenhall Street, Belfast BT2 8BS.
Tel: 0300 555 0114 (local rate).
www.publichealth.hscni.net

Find us on:

